Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

**An Bhruiséil, 20 Eanáir 2021**
**(OR. en)**

**5441/21**

**LIMITE**

**WTO 7**
**AGRI 18**
**UD 14**
**UK 16**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0003(NLE)**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 19 Eanáir 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 7 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas agus Ríocht na Téalainne, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i sceideal CLXVV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 7 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 7 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

PUBLIC

An Bhruiséil, 19.1.2021
COM(2021) 7 final

2021/0003 (NLE)
**SENSITIVE***

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas agus Ríocht na Téalainne, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i sceideal CLXVV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach**

* Distribution only on a 'Need to know' basis - Do not read or carry openly in public places. Must be stored securely and encrypted in storage and transmission. Destroy copies by shredding or secure deletion. Full handling instructions https://europa.eu/!db43PX

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

I mí Dheireadh Fómhair 2018, chuir an tAontas tús go hoifigiúil leis an bpróiseas caibidlíochta (faoi Airteagal XXVIII de Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT)) le roinnt Comhaltaí de EDT sa Ghinéiv. Is é bunphrionsabal na caibidlíochta an 'cur chuige comhpháirteach' a forbraíodh idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe in 2017 maidir le conas na ceangaltais chainníochtúla a 'chionroinnt', na ceanglais chainníochtúla atá i sceideal EDT AE28 le haghaidh na 143 tharaif-chuótaí EDT a bhaineann le talmhaíocht, éisc agus tionscal an Aontais. Is é is bunús an chur chuige seo go gcoinneofar an méid iomlán atá i ngach taraif-chuóta amach anseo, ach go roinnfear é ar dhá chríoch chustaim ar leithligh: AE27 agus an Ríocht Aontaithe.

Tá prionsabal na modheolaíochta comhchuibhithe bunaithe ar na sreafaí trádála a tháinig isteach in AE27 agus sa Ríocht Aontaithe le linn tréimhse tagartha ionadaíoch (3 bliana ó 2013 go 2015) le haghaidh tharaif-chuótaí EDT uile.

An 15 Meitheamh 2018, faoi Airteagal XXVIII de GATT, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht leis na comhaltaí ábhartha de EDT d'fhonn lamháltais EDT an Aontais ar tharaif-chuótaí a chionroinnt.

Cuirtear síos go mionsonrach ar an modheolaíocht a comhaontaíodh i leith na cionroinnte i Rialachán (AE) 2019/216 ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa. Go sonrach, le hAirteagal 2(b) den Rialachán sin, tugtar an chumhacht don Choimisiún leasú a dhéanamh ar na sciartha cionroinnte agus aird á tabhairt ar fhaisnéis ábhartha a d'fhéadfadh sé a fháil i gcomhthéacs na caibidlíochta faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994, sin nó ó fhoinsí eile a bhfuil leas acu i dtaraif-chuóta ar leith.

Chuathas i gcomhairle leis an gComhairle (an Coiste um an mBeartas Trádála) go rialta maidir le hábhar agus dul chun cinn na caibidlíochta. De thoradh na caibidlíochta le Ríocht na Téalainne, rinneadh comhaontú a gcuireadh inisealacha leis an 7 Eanáir 2021 sa Ghinéiv ('an Comhaontú').

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún Eorpach don Chomhairle tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe a údarú.

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Airteagal 207(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), i gcomhréir le hAirteagal 218(6) CFAE maidir le comhaontuithe idirnáisiúnta a thabhairt i gcrích.

- **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

- **Comhréireacht**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

- **An rogha ionstraime**

Faoi Airteagal 218(6) CFAE, tá gá le Cinneadh ón gComhairle chun tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe a údarú.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

- **Measúnú tionchair**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

PUBLIC

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

I gcás mhórchuid an 31 tharaif-chuóta a bhaineann le Ríocht na Téalainne, ghlac Ríocht na Téalainne na méideanna cionroinnte a bhí molta ag an Aontas i dtús báire. I gcás cúig cinn de na taraif-chuótaí le haghaidh éineola/lachain, rinneadh na méideanna a choigeartú ar bhonn shonraí oifigiúla *Comext* le linn na tréimhse tagartha céanna, 2013-15, rud a measadh a bheith níos ionadaí ar an trádáil le haghaidh na dtáirgí sin ná na bunsonraí sonracha a bhí bunaithe ar cheadúnas. I gcás éineoil chócaráilte, is é sin is cúis le laghdú substaintiúil ar mhéid tharaif-chuóta AE27 go dtí 53 866 thonna (i gcomparáid leis na 160 033 thonna i méid AE28) agus i gcás taraif-chuóta amháin le haghaidh circeoil phróiseáilte, laghdaíodh an méid go dtí 2 435 thonna (i gcomparáid leis na 14 000 tonna a bhí i méid AE28). I gcás an taraif-chuóta le haghaidh feoil shaillte ó éanlaithe chlóis, beidh taraif-chuóta nua AE27 de 81 968 dtonna ann de thoradh an athchoigeartaithe (92 610 tonna a bhí i méid AE28.) I gcás an dá tharaif-chuóta eile is lú le haghaidh éineoil agus lacha próiseáilte, rinneadh méid tharaif-chuóta AE27 a choigeartú go dtí 1 940 tonna (2 100 tonna i méid AE28) agus coinníodh na deich dtonna faoi seach de thoradh an chomhaontaithe.

I gcás taraif-chuóta amháin le haghaidh iasc ullmhaithe nó leasaithe, an trádáil fhoriomlán le haghaidh an táirge sin a taifeadadh in *Comext*, d'úsáideadh an trádáil sin mar bhonn le haghaidh an choigeartaithe mar gheall ar an leibhéal íseal úsáide a bhain Ríocht na Téalainne as an gcuóta seo, rud a raibh méid nua AE27 de 423 thonna mar thoradh air (1 410 tonna atá i méid reatha AE28). Leis na hathruithe seo ar an mbuntogra, is féidir leis an Aontas bailchríoch a chur ar an gcaibidlíocht le Ríocht na Téalainne maidir leis na taraif-chuótaí uile atá faoi chaibidil.

Déantar na coigeartuithe a luaitear thuas agus urraim iomlán á tabhairt do phrionsabal foriomlán de 'cur chuige comhpháirteach' an Aontais agus na Ríocht Aontaithe, cur chuige lena gcoinnítear méideanna foriomlána na dtaraif-chuótaí de chuid AE28 atá ann faoi láthair agus iad a chionroinnt ar dhá chríoch chustaim ar leithligh san am atá le teacht.

An Rialachán ábhartha, Rialachán (AE) 2019/216 ón gComhairle agus ó Pharlaimint na hEorpa agus Rialachán cur chun feidhme (AE) 2019/386 ón gCoimisiún a tháinig ina dhiaidh sin, déanfar iad a leasú chun méideanna leasaithe na dtaraif-chuótaí sin a léiriú.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh treoracha)**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

PUBLIC

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Ní bhaineann le hábhar. Déantar an beart seo mar chuid de chur chun feidhme comhaontaithe a rinneadh i ndiaidh caibidlíochta faoi chuimsiú chreat Airteagal XXVIII de GATT 1994, rud atá de cheart ag an Aontas faoi Chomhaontú EDT.

PUBLIC

2021/0003 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais, an chomhaontaithe idir an tAontas agus Ríocht na Téalainne, i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i sceideal CLXVV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach**

PUBLIC

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe an chéad fhomhír d'Airteagal 207(4), i gcomhar le hAirteagal 218(6) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[1],

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018, de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil ('GATT 1994'), thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur leis an gcaibidlíocht maidir le cionroinnt na dtaraif-chuótaí a áirítear i sceideal CLXXV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach.

(2) Tá an chaibidlíocht tugtha i gcrích agus cuireadh inisealacha le Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne ('an Comhaontú) an 7 Eanáir 2021.

(3) Síníodh an Comhaontú thar ceann an Aontais an [...], faoi réir a thabhairt i gcrích ar dháta is faide anonn, i gcomhréir le Cinneadh [...] ón gComhairle.

(4) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais Eorpaigh.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo tugtar i gcrích an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Ríocht na Téalainne a bhaineann leis an gcaibidlíocht faoi Airteagal XXVIII de GATT 1994 i ndáil le modhnú lamháltas ar na taraif-chuótaí uile a áirítear i sceideal CLXVV an Aontais Eorpaigh de thoradh tharraingt siar na Ríocht Aontaithe as an Aontas Eorpach.

Tá téacs an Chomhaontaithe i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Ainmneoidh Uachtarán na Comhairle an duine a chumhachtófar, thar ceann an Aontais Eorpaigh, chun an fógra dá bhforáiltear sa Chomhaontú a thabhairt.

[1] IO C , , lch. .

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a ghlactha. Foilseofar é in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Déanfaidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

PUBLIC